Aimsigh an Focal

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'An Timpeallacht" téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Aimsigh an focal: Cuir an chéad litir de na freagraí i ndiaidh a chéile le teacht ar fhocal a bhaineann leis an timpeallacht

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 19 Meitheamh mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhán dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Na ceisteanna

1. Tá srón, súile agus béal le fáil ar do _ _ _ _ _ _ _
2. Cén post atá ag Leo Varadkar _ _ _ _ _ _ _ _ _
3. Príomhchathair na Fionlainne _ _ _ _ _ _ _ _ _
4. Tagann an t-éan seo ar cuairt chugainn sa Samhradh _ _ _ _ _
5. Caitheann tú seo ar do cheann _ _ _ _
6. Focal eile do "nua" _ _
7. Modh taistil le dhul chun na gealaí? _ _ _ _ _ _ _
8. Brat bán ar an talamh? _ _ _ _ _ _ _ _
9. Bíonn Uachtarán na hÉireann ina chónaí sa teach seo? _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _
10. An Róimh príomhchathair na tíre seo? _ _ _ _ _ _
11. Béile i lár an lae? _ _ _

___ ___ ___ ___ ___ ___ ___ ___ ___ ___ ___

'Tiocfaimid slán'

Ainm an pháiste:	
Aois:	
Ainm an tuismitheora:	
Seoladh baile:	
Seoladh ríomhphoist:	

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsiú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scriosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.

Tuismitheoirí na Gaeltachta

Tuairisc.ie

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta